

Súil idirchultúrtha ar ár scoileanna

Uirlisí le haghaidh na féinmheastóireachta agus chun tacú leis an éagsúlacht chultúrtha agus teanga inár scoileanna.

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Tá suim againn sa scoil seo i bhfolláine agus i rath na ndaltaí ar leith go léir. Tugtar le fios, i dtaighde atá déanta le déanaí gurbh fhéidir gurb é an cineál teanga a úsáidtear agus lena mbítear ag súil leis sna hábhair is cúis le cuid de na deacrachtaí a mbíonn ag daltaí, seachas mar gheall ar a gcumais teanga féin. Ag an am céanna, tá tionchar ag an gcúlra cultúrtha atá ag na daltaí, agus an bhaint atá aige sin lena saol scoile, ar a gcumas foghlama, ar a mbraistint chómhuintearais agus ar a bhféiniúlacht laistigh de phobal na scoile, chomh maith lena bhfolláine.

Chun cabhrú le pobal na scoile seo machnamh a dhéanamh ar ról na teanga/teangacha agus ar ról an chultúir inár scoil, rinneamar an cinneadh na huirlisí féinmheastóireachta scoile sin atá ullmhaithe ag Teangacha Iarbhunscoile na hÉireann agus DDLETB a úsáid. Tá na huirlisí curtha in oiriúint ón treo chlár atá deartha ag an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha de chuid Chomhairle na hEorpa (ECML) (www.ecml.at/roadmapforschools) chun measúnú oibiachtúil a fháil.

Ní gá a rá nach féidir meastóireacht scoile dá leithéid a dhéanamh gan tuairimí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí a chur san áireamh. Agus dá bhrí sin, bheimis an-bhuíoch asat dá bhféadfá an ceistneoir seo a leanas a chomhlánú, faoin.

Is féidir leat an ceistneoir a chomhlánú ach an nasc seo a leanúint nó an chóip chrua a chur ar ais chuig an scoil.

Déileálfaidh an scoil leis na sonraí go léir a bhaileofar ar an mbonn nach luafar ainmneacha. Ní bheidh rochtain ag an scoil ar na freagraí ar leith.

Gabhaimid buíochas mór leat as páirt a ghlacadh san iarracht seo.

Le gach dea-ghuí,

Síniú